

An Roinn Oideachais agus Scileanna (b)

Léirigh imscrúdú gur sháraigh an Roinn Oideachais agus Scileanna na dualgais reachtúla teanga atá daingnithe san Acht Oideachais, 1998 agus i Riail 16 den *Rules and Programmes for Secondary Schools* trí oideachas trí Ghaeilge go leibhéal na hArdteistiméireachta a dhiúltú do dhaltaí Gaeltachta agus daltaí eile ar rogha leo é i scoil dara leibhéal Gaeltachta.

Rinne Pobalscoil Chloich Chionnaola gearán leis an Oifig i mí Dheireadh Fómhair 2013 nach raibh acmhainní cuí á soláthar ag an Roinn Oideachais agus Scileanna le cinntiú gurbh fhéidir sruth Gaeilge na scoile a sholáthar go leibhéal na hArdteistiméireachta, agus go raibh an sruth Gaeilge a bhí ar fáil go dtí an Teastas Sóisearach á chur i mbaol ag an gcinneadh seo. Freastalaíonn an scoil seo ar abhantrach mhór, agus tá ceithre bhunscoil lán-Ghaeilge sa cheantar as a dtagann bunús na ndaltaí ar mian leo freastal ar an sruth Gaeilge.

Agus é ag tabhairt faoin imscrúdú seo, chuir an Coimisinéir Teanga ar an taifead go raibh eolas ar leith aige féin ar an bpobal a bhí i gceist anseo ó tharla gur i gceantar na scoile sin a rugadh agus a tógadh é agus go raibh gaolta aige sa cheantar. Chuir sé an t-eolas seo ar an taifead ar eagla go gceapfaí ar aon chúis go mbeadh coimhlint leasa i gceist agus é i mbun an imscrúdaithe seo.

Bhain an t-imscrúdú seo le léirmhíniú ar na dualgais reachtúla teanga a d'fhéadfadh a bheith i gceist faoin Acht Oideachais agus fíricí ábhartha faoin Aonad Gaelach sa scoil.

Fo-ailt 6(i), 6(j) agus 6(k) den Acht Oideachais, 1998

De réir na dtrí fho-alt seo is gá aird a thabhairt, i gcur i ngníomh an Achta Oideachais, ar chuidiú le réadú beartas agus cuspóirí náisiúnta i ndáil le leathadh an dátheangachais i sochaí na hÉireann agus go háirithe go mbainfí úsáid níos mó as an nGaeilge ar scoil agus sa phobal. Is den riachtanas fosta é cuidiú leis an nGaeilge a choinneáil mar phríomhtheanga an phobail i limistéir Ghaeltachta, agus sa bhreis air sin, riachtanais teanga agus chultúrtha mac léinn a chur chun cinn ag féachaint do roghanna a dtuismitheoirí.

Dúirt an Roinn leis an imscrúdú nach bhféadfaí na cuspóirí seo a mheas ina n-aonar agus iad scartha amach ó fhorálacha eile an Achta Oideachais, go raibh iliomad cuspóirí ag an Acht, agus nach raibh rud ar bith sa reachtaíocht a thabharfadh le tuiscint go raibh aon ordlathas i measc na gcuspóirí seo nó go raibh ceannas ag ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí ar chinn eile agus gur chóir tosaíocht a thabhairt dóibh.

D'aontaigh an t-imscrúdú le léirmhíniú na Roinne ar an bpointe sin. Ba léir go raibh oiread seasaimh agus substainte ag baint leis na cuspóirí reachtúla teanga agus a bhí ag aon chuspóirí eile. Ní raibh na cuspóirí éagsúla seo i gcoimhlint lena chéile agus níor ghá go mbeadh ordlathas i gceist leo. Is gá do “gach duine” a bhfuil baint aige nó aici leis an Acht Oideachais a chur i ngníomh géilleadh do na cuspóirí sin. Ba dheacair a cheapadh go bhféadfaí géilleadh do na cuspóirí sin dá ndiúltófaí oiliúint iomlán iarbhunscoile trí Ghaeilge a sholáthar do dhaltaí Gaeltachta.

Dúirt an Roinn go gcaithfeadh an tAire Oideachais aird a thabhairt ar na hacmhainní a bhí ar fáil. Faoi fho-alt 6(b) den Acht ní mór dó aird a thabhairt ar an gcuspóir seo: *“a fhoráil, a mhéid is indéanta agus ag féachaint do na hacmhainní atá ar fáil, go gcuirfear ar fáil do dhaoine a chónaíonn sa Stát leibhéal agus cáilíocht oideachais is cuí chun freastal ar riachtanais agus cumais na ndaoine sin.”*

Níl aon fhianaise ann go bhfuil ceannas ag an gcuspóir seo ar na cuspóirí reachtúla teanga. Níl fianaise ar bith ann ach an oiread go dteastódh oiread acmhainní sa chás seo go mbeadh sé dodhéanta ag an Aire géilleadh dóibh.

Alt 7(2)(d)

Baineann Alt 7(2)(d) den Acht Oideachais le seirbhísí taca trí Ghaeilge a sholáthar do scoileanna aitheanta a chuireann teagasc trí Ghaeilge ar fáil agus d'aon scoil aitheanta eile a iarrann soláthar den sórt sin. Dúirt an Roinn nach raibh Alt 7(2)(d) ábhartha. *“Tá soláthar in Alt 24, inter alia, do cheapacháin múinteoirí agus foirne eile ag scoileanna faoi réir nósanna imeachta comhaontaithe, lena n-áirítear ceapacháin maidir le hAonaid atá aitheanta chun críche an Achta”* a dúirt an Roinn.

I bhfo-alt 2(n) den Acht daingnítear mar sheirbhísí taca *“cibé seirbhísí eile a shonraítear leis an Acht seo nó is cuí leis an Aire.”* Ba léir gur seirbhís eile a shonraítear leis an Acht an soláthar in Alt 24 do cheapachán múinteoirí agus comhaltaí foirne eile ag scoileanna. Ba ghá, mar sin, faoi fho-alt 7(2)(d), na seirbhísí taca sin a sholáthar trí Ghaeilge do *“scoileanna a chuireann teagasc trí Ghaeilge ar fáil agus d'aon scoil aitheanta eile a iarrann soláthar den sórt sin.”* Ba scoil den chineál sin í Pobalscoil Chloich Chionnaola.

Riail 16

Maidir le Riail 16 de na *Rialacha do Mheánscoileanna* i dtaca le coinníollacha chun meánscoileanna a aithint, dúirt an Roinn nach féidir amharc ar an Riail seo ina haonar agus í scartha amach ó na rialacha lena rialaítear aitheantas do scoileanna nua agus na coinníollacha nach mór a shásamh maidir le daltaí incháilithe, mar a dtagraítear dóibh i Rialacha 13 agus 17.

Dúirt an Roinn: *“Ina leith siúd, is í tuairim na Roinne nach n-éiríonn a cheist maidir le sárú ar Riail 16 i gcás na Sraithe Sinsearaí toisc nach bhfuil Aonad ag an leibhéal son aitheanta ag an Aire do chúiseanna an Achta.”*

Ach ar nós na hargóna faoi na cuspóirí reachtúla teanga in Alt 6 den Acht, níl rud ar bith sna rialacha seo a thabharfadh le tuiscint go bhfuil aon ordlathas i measc na rialacha seo nó go bhfuil ceannas ag ceann amháin nó níos mó acu ar chinn eile agus gur chóir tosaíocht a thabhairt dóibh sin.

Go deimhin, tá Riail 16 soiléir agus sainordaitheach:

“No new school will be recognised in the Gaeltacht, or in any centre adjacent to the Gaeltacht, unless satisfactory provision is made for the teaching in the school of the subjects of the curriculum through the medium of Irish.”

Ní raibh aon amhras faoi stádas Chloich Chionnaola mar limistéar oifigiúil Gaeltachta faoi Acht na Gaeltachta, 2012. Ba dheacair a rá go raibh soláthar cuí á dhéanamh sa scoil do mhúineadh na n-ábhar trí Ghaeilge nuair nár bh fhéidir le daltaí Gaeltachta a gcuid ábhair Ardteistiméireachta a dhéanamh trí Ghaeilge.

Dúirt an Roinn go mbeadh an rogha is oiriúnaí d’oideachas trí Ghaeilge ag brath ar leibhéal an éilimh ar mhaithe le hinmharthanacht agus nár mhór aird a thabhairt ar chineál an éilimh agus an tsoláthair in áiteanna eile sa limistéar nó i limistéir chónagaracha.

Ach mura mbeadh an soláthar ann, cén bealach a bhféadfaí leibhéal an éilimh a chruthú nó a thástáil? Agus dá mbeadh críochnú an oideachais trí Ghaeilge sa scoil ag leibhéal an Teastais Shóisearaigh ina bhac ar dhaltaí a mhealladh chuig an sruth Gaeilge – mar a mhaígh údaráis na scoile – cén bealach a mbeadh aon tuiscint nó tomhas ar leibhéal an éilimh nó an Aonaid Ghaelaigh?

Figiúirí agus fíricí

Chuir an Roinn figiúirí agus fíricí faoi stair an Aonaid Ghaelaigh ar fáil don imscrúdú. Dheimhnigh an Roinn go raibh aitheantas buan ceadaithe d’Aonad Gaelach sa tSraith Shóisearach do Phobalscoil Chloich Chionnaola mar gheall ar líon na scoláirí *“atá nó is dócha a bheidh ag freastal ar an scoil, ach nár tugadh aitheantas don tsraith shinsearach toisc nach bhfuil na riachtanais d’aitheantas Aonaid á sásamh”*.

Ach bhí údaráis na scoile lánchinnte go mbeadh éileamh suntasach ar Aonad Gaelach sa scoil dá mbeadh na hábhair á múineadh trí Ghaeilge go leibhéal na hArdteistiméireachta. Is chuig an bPobalscoil seo a théann na daltaí ó cheithre bhunscoil Ghaeltachta ina ndéantar an teagasc trí Ghaeilge: Scoil Mhachaire

Rabhartaigh, Scoil Chnoc na Naomh, Scoil Chaiseal na gCorr agus Scoil Ghort an Choirce. Tá an ceantar ar cheann de na ceantair Ghaeltachta is láidre sa tír. Le Gaeilge a tógadh cuid mhór de dhaltáí na scoileanna seo, agus d'fhreastail cuid mhaith acu ar naíonra agus ar bhunscoil trí Ghaeilge.

Is furasta a fheiceáil an bunús a bheadh le himní tuismitheoirí Gaeltachta gur cheart dá bpáistí freastal ar Aonad Gaelach ar feadh 3/4 bliana ach go mbeadh orthu a dteanga foghlama a athrú ar fad don 2 bhliain dheireanacha – an dá bhliain is tábhachtaí dóibh san oideachas iarbhunscoile.

Shíl an t-imscrúdú go raibh míbhuntáiste cultúrtha agus teanga á chruthú do na daltaí Gaeltachta sin nach rogha dóibh a gcuid oideachais a fháil trí Ghaeilge. Bhí míbhuntáiste praiticiúil eile ann dóibh sa mhéid is go séantar marcanna bónais orthu i scrúdú na hArdteistiméireachta as a gcuid scrúduithe a dhéanamh trí Ghaeilge.

Chinn an t-imscrúdú, mar chinneadh fíorais, gur srian ar an éileamh ar an Aonad Gaelach i bPobalscoil Chloich Chionnaola é nárbh fhéidir faoi láthair leanúint den oideachas trí Ghaeilge go leibhéal na hArdteistiméireachta ansin.

Bord bainistíochta

Tá dualgas reachtúil teanga ar bhoird bhainistíochta scoileanna – na feidhmeanna a leagtar orthu in Alt 15 den Acht Oideachais ina measc:

*“déanfaidh sé spiorad sainiúil na scoile, mar a chinntear é de réir na luachanna agus na dtraidisiún **cultúrtha**, oideachais, morálta, creidimh, sóisialta, **teangeolaíoch**a agus spioradálta is bun le cuspóirí agus stiúradh na scoile agus is saintréithe den chéanna, a chosaint agus beidh sé cuntasach don phátrún as iad a chosaint amhlaidh, agus gníomhóidh sé i gcónaí de réir aon Achta den Oireachtas nó aon ionstraim arna déanamh faoin gcéanna, agus de réir aon ghníomhais, cairte, airteagal bainistíochta nó aon ionstraim eile den sórt sin a bhaineann le bunú nó le hoibriú na scoile” 15(b) (aibhsiú déanta)*

Ba dheacair don imscrúdú creidiúint go bhféadfadh bord bainistíochta i scoil Ghaeltachta na dualgais sin a chomhlíonadh go cuí fad is a bhíothas ag ceilt oideachas trí Ghaeilge go leibhéal na hArdteistiméireachta ar dhaltáí Gaeltachta. Go deimhin féin, d'fhéadfaí cás a dhéanamh go mbeadh bord bainistíochta – mar dhaoine a raibh baint acu leis an Acht Oideachais a chur i ngníomh, ceangailte le géilleadh do chuspóirí an Achta faoi alt 6 den Acht – ag sárú a ndualgas reachtúil féin mura ndéanfaidís sruth Gaeilge a thairiscint go leibhéal na hArdteistiméireachta i scoil Ghaeltachta.

Conclúid

Tá todhchaí na Gaeltachta mar limistéar ina maireann an Ghaeilge mar theanga bheo an phobail go mór i gcontúirt de réir tuarascálacha oifigiúla éagsúla le blianta anuas. Mar a deirtear san Fhocal Scoir san achoimre ar an tuarascáil faoi *Staid Reatha na Gaeltachta* (COGG, 2004) ar leathanach 23:

“Tá todhchaí na Gaeltachta fite fuaite le todhchaí an chórais oideachais sa Ghaeltacht. Dá réir sin, mura bhfaightear réiteach go luath ar an gcruachás géarchéime ina bhfuil an córas oideachais Gaeltachta i láthair na huaire, tá todhchaí na Gaeltachta féin i mbaol.”

Tá próiseas nua pleanála teanga á bheartú do na limistéir Ghaeltachta faoin *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge*. Is beag ciall a bheadh lena leithéid mura mbeadh oideachas trí Ghaeilge ar fáil do dhaltaí Gaeltachta ar mian lena muintir nó lena gcaomhnóirí é sin.

Agus é ag cinneadh gur sháraigh an Roinn Oideachais agus Scileanna a dualgais reachtúla teanga sa chás seo, mhol an Coimisinéir Teanga:

- go ndéanfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna na socruithe cuí a luaithe agus ab fhéidir le húdaráis Phobalscoil Chloich Chionnaola le hoideachas trí Ghaeilge go leibhéal na hArdteistiméireachta a sholáthar do dhaltaí Gaeltachta agus do dhaltaí eile ar rogha leo é sa scoil sin agus go gcinnteodh an Roinn Oideachais agus Scileanna go gcuirfí na haemhainní cuí ar fáil leis an moladh seo a chur i bhfeidhm;
- go n-oibreodh údaráis na scoile go gníomhach le cinntiú go mbeidh ardfhreastal ar an soláthar oideachais trí Ghaeilge i bPobalscoil Chloich Chionnaola; agus
- go ndéanfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna agus údaráis na scoile comhaontú faoi athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú an chórais oideachais trí Ghaeilge sa scoil tar éis tréimhse aontaithe blianta le cinntiú go bhfuil ag éirí leis.

Imscrúdú seolta: an 23 Deireadh Fómhair 2013

Tuarascáil eisithe: an 30 Nollaig 2013